Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Meán Fómhair 2023
(OR. en)

12581/23

CO EUR-PREP 28

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (26 agus 27 Deireadh Fómhair 2023) – Dréacht-Chlár Oibre anótáilte |

*I gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle Eorpaí, tá Uachtarán na Comhairle Eorpaí, i ndlúthchomhar leis an gcomhalta den Chomhairle Eorpach atá mar ionadaí don Bhallstát a bhfuil Uachtaránacht leathbhliantúil na Comhairle aige agus le hUachtarán an Choimisiúin, le dréachtchlár oibre anótáilte a chur faoi bhráid na Comhairle Gnóthaí Ginearálta.*

*Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an dréachtchlár oibre anótáilte a thíolaic Uachtarán na Comhairle Eorpaí, ina leagtar amach na príomhábhair a dtabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh orthu ag an gcruinniú thuas, mar a mheastar.*

*I bhfianaise an phlé deiridh a bheidh ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta laistigh de chúig lá roimh an gcruinniú den Chomhairle Eorpach, tá Uachtarán na Comhairle Eorpaí leis an gclár oibre sealadach a dhréachtú.*

## I. AN ÚCRÁIN

Breithneoidh an Chomhairle Eorpach ar tharla le déanaí maidir leis an gcogadh foghach atá á chur ag an Rúis ar an Úcráin. Déanfaidh sí athbhreithniú freisin ar gach gné d'fhreagairt an Aontais, chomh maith lena tacaíocht leanúnach bhuanseasmhach ilghnéitheach don Úcráin agus dá muintir.

## II. CREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL 2021-2027

Beidh seisiún tuairimíochta ag an gComhairle Eorpach maidir leis an athbhreithniú atá beartaithe ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027 d'fhonn tuilleadh oibre a dhéanamh sa Chomhairle.

## III. AN GEILLEAGAR

I bhfianaise dúshláin atá ag éirí níos casta, tá an tAontas Eorpach ag tógáil geilleagar láidir a sheasfaidh an aimsir agus a chinnteoidh rathúnas fadtéarmach. Déanfaidh an Chomhairle Eorpach measúnú ar an dul chun cinn atá déanta maidir le borradh a chur faoi iomaíochas na hEorpa, agus béim ar leith á leagan ar bheartas tionsclaíoch agus ar fhuinneamh. Cuirfidh sí treoir spriocdhírithe ar fáil, á chur san áireamh di an measúnú atá le teacht ón gCoimisiún ar thionchar an Achta um Laghdú Boilscithe.

## IV. IMIRCE

Beidh plé straitéiseach ag an gComhairle Eorpach maidir le gné sheachtrach na himirce, agus béim ar leith á leagan ar an gcomhar le tríú tíortha.

## V. MÍREANNA EILE

Breithneoidh an Chomhairle Eorpach na hullmhúcháin do Chomhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide in Dubai (COP28).

I bhfianaise a dtarlóidh, d'fhéadfadh an Chomhairle Eorpach aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sonracha eile a bhaineann leis an mbeartas eachtrach (mar shampla an staid sa tSaiheil).